Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# FEACHTAS EARCAÍOCHTA AGUS ROGHNÚCHÁIN CHUN OIFIGEACH CLÉIREACHAIS A BHUNÚ

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe chun tabhairt faoi fheachtas earcaíochta agus roghnúcháin chun painéal d'Oifigigh Cléireachais a chur le chéile as a d'fheadfaí poist lánaimseartha nó ar conradh a líonadh ag braith ar na ceaduithe cuí.

Ní mór d'iarrthóirí don bpost mar Oifigeach Cléireachais a bheith coinsiasach agus acmhainneach le sárchumas cumarsáide agus chun seirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí. Tá ardscileanna eagrúcháin agus bainisiú tascanna riachtanach don phost seo freisin agus an cumas dul i mbun oibre go héifeachtach faoi bhrú (as do stuaim féin agus mar bhall don fhoireann), a bheith pointeáilte agus cruinn.

**Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag gach iarrthóir amhail an dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe:**

**(a)** Grád D (nó Pas) ar a laghad a bheith bainte amach i gcúig ábhar, ardleibhéal nó gnáthleibhéal, den liosta ábhar atá ceadaithe ag An Roinn Oideachais, iScrúdú Ardteistiméireachta bunaithe nó Ghairmchlár na hArdteistiméireachta.
(D'fhéadfaí a mheas gurb ionann Grád B ar a laghad i mBonnleibhéil Matamaitic agus Grád C i mBonnleibhéal Gaeilge a bheith comhionann le Grád D (nó Pas), san Ardleibhéal nó sa Ghnáthleibhéal, ón liosta ceadaithe ábhar i Scrúdú Ardteistiméireachta Bunaithe na Roinne Oideachais nó Ghairmchlár na hArdteistiméireachta.

**nó**

**(b)** scrúdú de chaighdeán comhionann a bheith bainte amach;

**nó**

**(c)** taithí seirbhíse dhá bhliain ar a laghad i bpost Oifigeach Cléireachais, Cléireach/Clóscríobhaí (Dualgais Cléireachais), Cléireach Clóscríbhneoireachta (Dualgais Clóscríbhnóireachta agus Cléireachais) nó Cléireach/Clóscríobhaí faoi údarás áitiúil, nó bord sláinte sa Stát;

**nó**

**(d)** taithí ábhartha shásúil ina féidir a léiriú go mbaineann scileanna den chineál céanna.

Is féidir na sonraí ar fad a bhaineann leis an bhfeachtas earcaíochta agus roghnúcháin seo chomh maith le mír 'Ceosteanna Coitianta' a fháil sa Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí atá ar fáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe

**SCÁLA PÁ OIFIGIGH CLÉIREACHAIS:**

Tosóidh pá iontrálaithe nua ag bun an scála. D'fhéadfadh go ndéanfaí an ráta luach saothair a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

| Point | 01/03/2025 |
|---|---|
| **1** | €30,811 |
| **2** | €32,543 |
| **3** | €32,972 |
| **4** | €33,836 |
| **5** | €35,101 |
| **6** | €36,367 |
| **7** | €37,634 |
| **8** | €38,553 |
| **9** | €39,596 |
| **10** | €40,803 |
| **11** | €41,661 |
| **12** | €42,860 |
| **13** | €44,065 |
| **14** | €46,334 |
| **LSI 1** | €47,945 |

Tá foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais le fáil maidir leis an bpost seo ar ár láithreán gréasáin ag www.galway.ie nó is féidir iad a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Acmhainní Daonna, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh – Teil; 091 -509303, ríomhphost hr@galwaycoco.ie **4 p.m. Déardaoin 17ú Iúil 2025** an dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe.

**E. Ruane, Stiúrthóir Seirbhísí**

**IS FOSTÓIR COMHIONANNAIS DEISE Í COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE.**